



**Ollscoil  
Mhá Nuad**  
Ollscoil na hÉireann  
Má Nuad

# SCOLÁIREACHTAÍ MA NUA-GHAEILGE 2022/23

Beidh ceithre scoláireacht MA ar fiú €3000 an ceann iad á gcur ar fáil ag Roinn na Nua-Ghaeilge, Ollscoil Mhá Nuad don bhliain acadúil 2022/2023.

Fáiltítear roimh iarratais ó iarrthóirí atá tar éis cur isteach ar aon cheann de na sruthanna MA Nua-Ghaeilge seo a leanas:

1. Cruinneas, Saibhreas, agus Cumarsáid (Na Meáin)
2. Litríocht agus Critic
3. Taibhealaíona agus Traidisiúin Bhéil na Gaeilge
4. An MA Nua-Ghaeilge ginearálta

Seo iad na cóid ar an gcóras PAC ar líne le cur isteach ar aon cheann de na roghanna 1-4 thuas: MHU50 Lánaimseartha nó MHU51 Páirtaimseartha.

Treoir d'iarrthóirí na scoláireachta:

1. Ní mór d'iarrthóirí don scoláireacht a bheith tar éis cur isteach ar an MA Nua-Ghaeilge cheana féin trí PAC (MHU50 Lánaimseartha, MHU51 Páirtaimseartha). Is é an sprioc d'iarratais don MA Nua-Ghaeilge ná an 30 Meitheamh 2022, ach is é an sprioc d'iarratais don scoláireacht ná 01 Lúnasa 2022.
2. Ní mór d'iarrthóirí a n-uimhir iarratais ó PAC a lua sa bhfoirm iarratais don scoláireacht chun go nglacfar leis an iarratas.
3. Ní mór d'iarrthóirí an t-iarratas a scríobh i nGaeilge
4. Iarrtar ar iarrthóirí don scoláireacht atá tar éis cur isteach ar an sruth nua MA i dTaibhealaíona agus i dTraidisiúin Bhéil na Gaeilge sampla dá saothar cruthaitheach a shíneadh isteach leis an iarratas, mar shampla triailfhíseán gearr níos lú ná 5 nóiméad ar fhaid, nó sampla de shaothar cruthaitheach eile, mar shampla píosa scríbhneoireachta cruthaithí nó eile.
5. Is trí fhoirm ar líne a líonadh isteach ag an nasc seo a leanas a chuirtear isteach ar an scoláireacht:

<http://forms.office.com/r/Ap6MVThPAT>

Amlíne do Scoláireachtaí MA Nua-Ghaeilge

- 30 Meitheamh 2022      Sprioc d'iarratais don MA
- 01 Lúnasa 2022        Sprioc d'iarratais don scoláireacht

Tuilleadh eolais: [nua.ghaeilge@mu.ie](mailto:nua.ghaeilge@mu.ie)